



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta, 2013*

Stampa an Ionaid

## *Gaeilge Gnáthleibhéal*

**Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)**

160 MARC

**Dé Luain  
10 Meitheamh  
Tráthnóna, 2.00 go dtí 3.50**

### **Cuid I: Cluastuiscint** (60 Marc)

<i>Don Scrúdaitheoir</i>	
<b>Cuid I: Cluastuiscint</b>	
<b>Na hIomláin</b>	
<b>Cuid A, Fógra 1</b>	
<b>Cuid A, Fógra 2</b>	
<b>Cuid B, Comhrá 1</b>	
<b>Cuid B, Comhrá 2</b>	
<b>Cuid C, Píosa 1</b>	
<b>Cuid C, Píosa 2</b>	
<b>Iomlán</b>	

<b>Eolas</b>	
<b>Gaeilge</b>	
<b>Móriomlán</b>	

**Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.**

# Cuid I: Cluastuiscint

(60 Marc)

---

## *Treoracha d'iarrthóirí*

---

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

---

# Cuid A

Cloisfidh tú **dhá** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cathain a bheidh an comórtas <i>Scléip</i> ar siúl?	
Breac síos <b>dhá</b> rannóg a bheidh sa chomórtas.	(i) _____ (ii) _____
Cén táille iontrála atá ar gach rannóg?	
Cad é an dáta deireanach le haghaidh iontrálacha?	

## FÓGRA A DÓ

1. (a) Cén fáth a bhfuil na daoine ag fulaingt san Afraic?

---

(b) Cathain a bheidh an turas rothaíochta urraithe ar siúl?

---

2. (a) Cá mbeidh an oíche eolais ar siúl?

---

(b) Cé mhéad airgid nár mhór do dhuine a bhailiú?

---

# Cuid B

Cloisfidh tú *dhá* chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina *dhá* mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

## COMHRÁ A hAON

### *An Chéad Mhír*

1. Cén t-ábhar san Ardeistiméireacht atá fós le déanamh ag Seán?

---

2. Cad a cheap Orla den pháipéar Bitheolaíochta?

---

### *An Dara Mír*

1. Cá raibh Seán ag obair go páirtaimseartha an samhradh seo caite?

---

2. Cad a dhéanfaidh Seán anocht?

---



## COMHRÁ A DÓ

### *An Chéad Mhír*

1. Cén t-am a shroich Síle aerfort Bhaile Átha Cliath maidin Dé Sathairn?

---

2. Cén **dá** rud a deir Síle go raibh sí ag brath orthu san óstán?

(i) \_\_\_\_\_

(ii) \_\_\_\_\_

### *An Dara Mír*

1. Cé mhéad duine a maraíodh i rith hairicín Sandy?

---

2. Cá raibh pictiúr den siorc le feiceáil, dar le Colm?

---



# Cuid C

Cloisfidh tú *dhá* píosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta *agus* tar éis an dara héisteacht.

## PÍOSA A hAON

1. Cé mhéad leathanach atá sa bhliainiris?

---

2. Cá bhfuil an bhliainiris ar díol?

---

## PÍOSA A DÓ

1. Cén lá a raibh Aonach na Nollag ar siúl?

---

2. Cé mhéad bliain atá ann ó bunaíodh Cór Chúil Aodha?

---

# Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

---

## *Treoracha d'iarrthóirí*

---

**Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.**

**Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.**

**Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.**

---

# CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

## A – GIOTA LEANÚNACH / BLAG – (50 marc)

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

- (i) Scannán a chonaic mé le déanaí.
- (ii) Mo cheantar dúchais.
- (iii) Is aoibhinn liom an deireadh seachtaine.

## B – SCÉAL – (50 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeidh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar **thús** leis.

- (i) Thit an pláta ina smidiríní ar an urlár. Bhí sicín rósta, glasraí agus prátaí i ngach áit. Las m'aghaidh le náire ...  
**nó**
- (ii) Bhí mo thuismitheoirí as baile. Tháinig mo chairde go léir chuig mo theach. Thosaigh an chóisir (an féasta) ...

## C – LITIR / RÍOMHPOST – (50 marc)

- (i) Ghlac tú páirt i dtrialacha don seó nua tallainne ar RTÉ.  
Scríobh **an litir / an ríomhpost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di faoi na trialacha agus faoi conas a d'éirigh leat iontu.  
**nó**
- (ii) Fuair tú ceachtanna tiomána mar bhronntanas ó d'uncail / ó d'aintín.  
Scríobh **an litir / an ríomhpost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuige / chuici ag gabháil buíochais leis / léi agus ag insint dó / di conas a d'éirigh leat sa chéad cheacht.

## D – COMHRÁ – (50 marc)

- (i) Tá plean agat árasán a fháil ar cíós sa chathair le do chairde an bhliain seo chugainn nuair a bheidh tú ar an gcoláiste tríú leibhéal.  
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoi sin.  
**nó**
- (ii) Ba mhaith leat dul ar saoire go dtí an Spáinn le do chairde tar éis na hArdteistiméireachta ach b'fhéarr le do chara fanacht in Éirinn.  
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoi sin.

# Leathanach Bán